






long




íochtar na loinge



uachtar na loinge



cnoc oighir



grinneall na farraige



bád tarrthála

An Fiosraitheoir

TASC 1:



Cén fáth a bhfuil an Titanic go fóill ina luí ar ghrinneall na farraige, dar leat?

TASC 2:

Tá Béal Feirste i gContae Aontroma. Ainmnigh 6 chontae eile in Éirinn.



TAISCE TUISCEANA



An Titanic

An Titanic

Is beag duine nár chuala faoin Titanic. **Long** cháiliúil ollmhór a bhí ann a tógadh i mBéal Feirste níos mó ná 100 bliain ó shin. An long is mó ar an domhan a bhí ann ag an am agus thóg sé dhá bhliain lena tógáil. Bhí an Titanic chomh mór sin go raibh linn snámha ann. Bhí sí ar cheann de na longa is mó agus is deise a bhí ann ag an am.

D'fhág sí Southampton i Sasana ar a céad turas ar an 10ú Aibreán 1912. Bhí sí ag dul go Meiriceá. Ar an mbealach, stop sí i gCorcaigh le níos mó daoine a thógáil. Nuair a d'fhág an Titanic Éire, bhí níos mó ná 2,200 duine ar bord. Bhí cuid de na daoine a bhí ar bord an-saibhir agus bhí an chuid is fearr de na seomaí leapa acu in **uachtar na loinge**. Bhí go leor daoine bochta ann freisin agus bhí orthu fanacht in **íochtar na loinge**, áit nach raibh an-deas.

Bhí an aimsir préachta fuar agus bhuail an Titanic **cnoc oighir** ar oíche an 14ú Aibreán. Rinneadh damáiste mór don long agus bhí sí ag ligean uisce ar bord go tapa. Chuaigh sí go **grinneall na farraige** cúpla uair an chloig tar éis di an cnoc oighir a bhualadh. Ní raibh go leor **báid tarrthála** ann agus fuair 1522 duine bás an oíche fhuar uafásach sin. Tháinig 711 duine slán as.

Tá suim mhór ag daoine sa Titanic go fóill agus téann go leor daoine go Béal Feirste le féachaint ar an áit ar tógadh í. Tá sé dochreidte go bhfuil an long féin go fóill ina luí ar ghrinneall na farraige.

Ceisteanna

- 1. Cén áit ar tógadh an Titanic?**
 - (a) Southampton
 - (b) Béal Feirste
 - (c) Corcaigh
- 2. Cén fáth ar stop an Titanic i gCorcaigh?**
 - (a) Bhí an aimsir go dona
 - (b) Cheap an Captaen go raibh sé i Meiriceá
 - (c) Le daoine a bhailiú
- 3. Cén uair a bhuail an Titanic an cnoc oighir?**
 - (a) Ar maidin
 - (b) San oíche
 - (c) Ag am lóin
- 4. Cad a chiallaíonn an abairt 'Tháinig 711 duine slán as'?**
 - (a) Fuair 711 duine bás
 - (b) Bhí 711 duine beo
 - (c) D'fhág 711 duine slán
- 5. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar an scéal seo?**
 - (a) Fuar
 - (b) Brónach
 - (c) Greannmhar
- 6. Cad é ábhar an scéil seo?**
 - (a) An fharraige
 - (b) Long cháiliúil a tógadh in Éirinn
 - (c) Laethanta saoire ar long

